S.27T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004

## TÍREOLAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL

### ROINN 2

**DÉ LUAIN, 14 MEITHEAMH - IARNÓIN, 1.30 GO 3.30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo ar fhillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

**N.B. CUIMHNIGH LE DO THOIL GO GCAITHFEAR AN FILLTEÁN A THABHAIRT AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ.**


**ROINN 2 (90 MARC)**

Freagair **TRÍ** cheist.

Gabhann na marcanna céanna le gach ceist.

## 1. ÚSÁID ACMHAINNÍ

### A. UISCE




Féach ar an léaráid thuas. Taispeánann sé seacht bhfoinse óna dtagann truailliú abhann. Roghnaigh **TRÍ** cinn díobh seo. Maidir le gach ceann atá roghnaithe agat:

- abair cad is cúis leis an truailliú
- déan cur síos ar an bhfadhb atá ann. (9)

### B. FEIRMEOIREACHT



San fhótagraf feicimíd feirmeoir ag spraeáil Eorna.

Déan cur síos ar an bhfeirm mar chóras, ag tagairt do **DHÁ** ionchur, **DHÁ** phróiseas (lasmuigh den spraeáil a thaispeántar) agus aschur **AMHÁIN**.

(10)

### C. IASCAIREACHT

**(i)** Is í an róiascaireacht is cúis le ganntanas éisc in a lán limistéir fharraige. Tá níos mó báid iascaireachta agus gléasra nua-aimseartha ann anois. Mínigh **DHÁ** shlí a chuireann siad leis an róiascaireacht. (6)

**(ii)** Déan cur síos ar tionchar **AMHÁIN** atá ag an róiascaireacht sna farraigí timpeall ar Éirinn. (3)

**(iii)** Mínigh an brí atá le **hacmhuinn inathnuaite.** (2)

**2.** **AG MÚNLÚ DROMCHLA AN DOMHAIN**

**A.** Roghnaigh Oighriú **NÓ** An Fharraige agus freagair na ceisteanna seo a leanas:


**(i)**
- Tarraing léaráid de ghné **AMHÁIN** de chreimeadh. (2)
- Ainmnigh an ghné agus mínigh conas a fhoirmítear í. (6)

**(ii)**
- Tarraing léaráid de ghné **AMHÁIN** de shil-leagan. (2)
- Ainmnigh an ghné agus mínigh conas a fhoirmítear í. (6)

**B.** **(i)** Ainmnigh áit **AMHÁIN** ina bhfuil creathanna talún coimánta. (2)

**(ii)** Déan cur síos ar **DHÁ** thoradh a bhíonn ann nuair a bhúileann crith talún cathair mhór. (6)

**C.**




Ag tagairt don léaráid thuas, mínigh conas is féidir sciorradh talún a tharlú. (6)

## 3. <u>LÉARSCÁIL SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS</u>

**A.** Féach ar an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair a thugtar.

Tarraing sracléarscáil den cheantar a thaispeántar ar an **léarscáil**.

Marcáil ar an sracléarscáil agus ainmnigh:

- An limístéar faoi fhoirgneamh i mBéal an Átha
- Abhainn na Múighe
- Na Príomhbhóithre Náisiúnta agus na Bóithre Náisiúnta den Dara Grád
- DHÁ shuíomh stairiúil
- An tIarnród (10)

**B.** Féach ar an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis arís.
'Is baile mór an-aosta é Béal an Átha. D'fhás sé ag an suíomh seo de bharr cúiseanna éagsúla.'

**(i)** Tabhair **DHÁ** chúis gur fhás Béal an Átha i dtosach ag an suíomh seo. (6)

**(ii)** Cad é an fad, i gCiliméadair, ar an N59 ón Lárionad Eolais Turasóireachta (**G**250 190) go dtí an t-acomhal le R297 (**G**282 220)? (4)

**C.** Tá iarrtha ort Eolaí Turasóireachta a dhearadh do cheantar Bhéal an Átha a thaispeántar ar an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis.
Déan cur síos ar **<u>THRÍ</u>** rud a d'fhéadfadh a bheith suimiúil do thurasóirí agus **tabhair Eangaí do gach ceann acu.** (10)

## 4. <u>AERFÓTAGRAF DE BHÉAL AN ÁTHA</u>

Déan staidéar ar an Aerfótagraf de Bhéal an Átha a thugtar leis an bpáipéar seo.

{ **NOD:** Cuimhnigh gur Fótagraf Sceabhach é agus mar sin ba chóir duit na téarmaí cearta a úsáid-i.e. Cúlionad ar Clé, Réamhionad ar Dheis }

**A.** Is fadhb í gluaiseacht na tráchta in a lán bailte móra in Éirinn mar Bhéal an Átha.

**(i)** Luaigh **DHÁ** chúis le tranglaim tráchta i mBéal an Átha. (6)

**(ii)** Samhlaigh go n-oibríonn tú do roinn an tráchta i gComhairle Baile Bhéal an Átha. Mínigh **DHÁ** bheart (phlean) a d'úsáidfeá chun tranglaim tráchta a laghdú i mBéal an Átha. (6)

**B.** **(i)** Liostaigh **DHÁ** úsáid talún sa limistéar san fhótagraf. (4)

**(ii)** Is buntáiste é an dath nuair a dhéantar staidéar ar Aerfótagraf sa tíreolaíocht. Mínigh shlí **AMHÁIN** a chabhraíonn an dath leat chun úsáid talún a thuiscint ar an fhótograf seo. (4)

**C.** Tá iarrtha ag Comhairle Baile Bhéal an Átha ort Ionad Scíthe agus Linn Snámha a thógáil.

**(i)** Roghnaigh suíomh oiriúnach ar an bhfótagraf. (2)

**(ii)** Mínigh **DHÁ** chúis go roghnaíonn tú an suíomh seo. (6)

**(iii)** Mol míbhuntáiste **AMHÁIN** atá ag an suíomh seo. (2)



**THALL →**


## 5. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA

**Freagair AON TRÍ cinn de na ceisteanna: A, B, C, D.**

(NÓTA: Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile)

### A. CÚNAMH DO THÍORTHA I mBÉAL FORBARTHA

‘Cónaíonn an buachaill san fhótograf seo I dtír atá forbartha níos lú. Is fadhbanna móra iad cogadh agus gorta ina thír. Níl scoileanna ann agus níl na hospidéil in ann cóipeáil de bharr an chogaidh. Tá galar mar fhadhb sa phriomhcathair mar pléascadh na píopaí séaraigh’



Déan cur síos ar **DHÁ** shaghas CÚNAIMH a d’fhéadfaí a thabhairt dá thír. (10)

### B. STAIDÉAR AERÁIDE

AERÁID TUAISCEARTACH NÓ AERÁID TUNDRA


Roghnaigh ceann **AMHÁIN** den dá shaghas aeráide seo a ndearna tú staidéar air.

**(i)** Déan cur síos gearr ar an aeráid agus ar an bhfrasaíocht (báisteach ⁊ rl) (6)

**(ii)** Déan cur síos ar shlí **AMHÁIN** ina bhfuil an aeráid seo tar éis cur isteach ar dhaoine. (4)

5. **MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA (ar leanúint ó leathanach 5)**

**C. BAILE SEANTÁN**



Féach ar an léarscáil thuas agus ansin freagair na ceisteanna seo.

**(i)** Ainmnigh cathair **AMHÁIN** a bhfuil staidéar déanta agat air agus ina bhfuil Bailte Seantán.

**(ii)** Ainmnigh agus déan cur síos ar **THRÍ** fhadhb a bhíonn ag daoine a chónaíonn i mBailte Seantán. (10)

**D. SUÍOMH MONARCHANA**

Tógtar a lán monarchana nua ag imeall bailte móra agus cathracha.

**(i)** Ainmnigh monarcha **AMHÁIN** mar seo a bhfuil staidéar déanta agat air.

**(ii)** Mínigh **TRÍ** chúis go dtógtar monarchana mar seo ag imeall bailte móra agus cathracha.

(10)

LEATHANACH BÁN